



Acadamh Ríoga na hÉireann  
Plean Straitéiseach  
2019–2023







## Réamhrá an Uachtaráin

Bhí sé i gceist ag na Baill a bhunaigh Acadamh Ríoga na hÉireann an léann daonna agus eolaíochta a chur chun cinn agus chuireadar tús le cnuasach ársaíochtaí a bheadh mar bhunús ar ball do Mhúsaem Náisiúnta na hÉireann. Bhí an tAcadamh ar thosach an tslua maidir leis an bhfoilsitheoireacht acadúil, leis an tseandálaíocht agus an éiceolaíocht, chomh maith le lámhscríbhinní agus foclóirí Gaeilge a dhéanamh, a léirmhíniú agus a chatalógú, agus bhunaíomar duaiseanna le bronnadh as sármhaitheas sa scoláireacht. Thionscnaíomar taighde fadtéarmach i réimsí ar nós bheathaisnéisí na hÉireann, gnóthaí eachtracha agus an tíreolaíocht shóisialta, chuamar i bpáirt le gréasáin idirnáisiúnta acadúla agus, isteach san aois dhigiteach, is muid a bhunaigh Taisclann Dhigiteach na hÉireann.

Faoin bPlean Straitéiseach atá díreach caite, chuireamar dlús lenár ngníomhaíochtaí beartais agus caidreamh idirnáisiúnta, agus chuireamar leasuithe i bhfeidhm le ballraíocht na Comhairle a dhéanamh níos ilchineálaí. Bhunaíomar scéim deontas Charlemont, a ainmníodh as céadUachtarán an Acadaimh, le scoláirí luathghairme a spreagadh isteach i ngréasáin idirnáisiúnta. Sa chaoi go mbeadh próifíl níos airde againn mar ghlór neamhspleách maidir leis an mbeartas eolaíochta, nedaíomar muid féin i ngréasáin idirnáisiúnta acadamh agus rinneamar ár bpainéal saineolaithe náisiúnta a dhaingniú. D'athraíomar an córas vótála agus dá réir sin, táimid tar éis Comhairlí a thoghadh atá ar an gcuid is ilchineálaí riamh i stair an Acadaimh.

Seo anois an ceathrú Plean Straitéiseach agus tá an tAcadamh ag cothú an naisc leis an am atá caite, tá sé ag neartú a ghné uile-oileáin agus an fhócais atá aige ar an mbarr feabhais, ach leanfaidh sé de bheith ag fás, ag dul in éagsúlacht agus i nua-aimsearthacht.

De bhun a Chairte, déanann an tAcadamh a chuid ball féin a thoghadh agus mar sin is féidir leis fanacht neamhspleách. Dá réir sin, bíonn an tAcadamh in ann ról suntasach a imirt maidir le comhairle neamhspleách a chur ar fáil ar an mbeartas poiblí maidir leis an mbaint atá aige leis an taighde, leis an oideachas, leis an gcultúr agus leis an oidhreacht. Trínár gcuid ball, ár ngréasáin náisiúnta agus idirnáisiúnta, is muid amháin atá cáilithe le painéil saineolaithe a thabhairt le chéile agus comhairle a thabhairt atá bunaithe ar fhianaise.

Tá an tsármhaitheas san fhuil againn. Bronnaimid duaiseanna agus boinn as an ngnóthachtáil eisceachtúil sa scoláireacht. Déantar Baill a thoghadh ar bhonn a dtabhartais dá réimse léinn. Bímid ag súil go leanfaidh Baill de bheith ag tabhairt ar ais don tsochaí trí chabhair a thabhairt don Acadamh i measúnuithe, i ngníomhaíochtaí beartais agus oideachais, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Ó bunaíodh i 1785 é, tá an tAcadamh tar éis forbairt in éineacht leis an tsochaí. Bíonn athruithe ann a tharlaíonn go tapa, agus cinn eile a

tharlaíonn le himeacht aimsire. Ar fud an domhain, tá Acadaimh ag streachailt le cur le hilchineálacht a mballraíochta agus le teacht isteach ar athruithe gasta atá an teicneolaíocht a thiomáint. Tá dul chun cinn déanta ag Acadamh Ríoga na hÉireann i dtaca leis seo agus is gá tuilleadh fós a dhéanamh. Leagann an Plean Straitéiseach seo de dhualgas orainn cur le hilchineálacht ár mballraíochta, ár gcleachtas gnó a dhéanamh nua-aimseartha, agus tionscnamh suntasach amháin, an tAcadamh Óg, a thabharfaidh líon níos mó scoláirí luathghairme isteach inár ngréasáin.

Tá an fhís uailmhianach seo sa Phlean Straitéiseach do na cúig bliana amach romhainn arna fhorbairt ag coiste faoi chathaoirleacht an Ollaimh Jocelyn Bell Burnell, agus faoi cheannas an Ollaimh Pat Shannon. Chuaigh an coiste i gcomhairle go leathan le Baill, le foireann agus le páirtithe leasmhara agus rinne a seacht ndícheall plean achomair réalaióch a chur ar fáil. Mar Uachtarán, ba mhaith liom féin buíochas a ghabháil le baill an choiste, as an tsárobair atá déanta acu.

Tá a fhios againn cad atá le déanamh agus cén fáth. Anois, déanaimis é.



PETER KENNEDY

Márta 2019

# Acadamh Ríoga na hÉireann

Is cumann léannta uile-oileáin neamhspleách é Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ) a bunaíodh faoi Chairt in 1785. Tá timpeall 500 Ball ann, arna dtoghadh mar go bhfuil cion mór déanta acu don scoláireacht agus don taighde sna heolaíochtaí, sa léann daonna, sna heolaíochtaí sóisialta agus sa tseirbhís phoiblí. Tá sé á rialú ag an Uachtarán agus an Chomhairle a dhéantar a thoghadh, de réir na Cairte bunaithe, san earrach gach bliain ag cruinniú de na Baill.


## Ról

Seo a leanas na míreanna de ról ARÉ:

- 1 An tsármhaitheas taighde a aithint agus a chothú, chun leas an phobail.
- 2 Bheith mar ghlór neamhspleách i dtaca leis an ardoideachas agus leis an mbeartas poiblí.
- 3 Ionadaíocht ar fud na cruinne a dhéanamh ar dhomhan na scoláireachta Éireannaí.

## Cuspóir

Is é ARÉ acadamh scolártha na hÉireann, agus is glór láidir neamhspleách é a dhéanann freastal ar leas an phobail tríd an díospóireacht agus an anailís sa taighde agus san ardoideachas.



# Luachanna

## NEAMHSPLEÁCHAS

Ó bunaíodh in 1785 é, lean an tAcadamh den neamhspleáchas a léiriú, trí thoghchán piarbhreithnithe a chuid Ball, trína thionscnaimh thaighde go háirithe i réimsí a bhaineann le hoidhreacht na hÉireann, agus a chumas dul i bpáirt le páirtithe leasmhara seachtracha agus a neamhspleáchas smaointeoireachta agus gnímh a chaomhnú.

## SÁRMHAITHEAS

Tá coincheap seo na sármhaitheasa i gcroí gach a ndéanann an tAcadamh. Trí thoghadh na mBall, trína chuid scéimeanna duaiseanna agus deontas, aithníonn sé agus déanann sé ceiliúradh ar shármhaitheas daoine aonair ó phobal taighde uile-oileáin na hÉireann. Bíonn eolas agus léargas Bhaill an Acadaimh mar bhonn do gach gné dá chuid gníomhaíochtaí.

## SCOLÁIREACHT

Ba luachmhar i gcónaí leis an Acadamh gnóthachtáil scolártha a chuid Ball, agus déanann sé fíorscoth na dtaighdeoirí idirnáisiúnta a thoghadh mar Bhaill Oinigh. I Leabharlann an Acadaimh tá cnuasach uathúil lámhscríbhinní Gaeilge ón meánaois, ar seoda naisiúnta iad, agus tá méid mór ar coinneáil freisin d'ábhar níos déanaí agus comhaimseartha. Baineann taighdeoirí náisiúnta


agus idirnáisiúnta úsáid as an Leabharlann agus tá sí ag cur leis an rochtain uirthi trí thionscnaimh rannpháirtíochta agus dhigiteacha. Trína chuid mórtionscadal taighde féin tá ról barrthábhachtach ag an Acadamh léargais nua a chothú agus a chraobhscaoileadh ar ár stair agus ár n-oidhreacht ar fud phobal scolártha an domhain uile. Mar fhoilsitheoir gníomhach leabhar acadúil, léarscáileanna, irisleabhar, paimfléad agus tuairiscí, déanann an tAcadamh cumarsáid leathan faoi thorthaí a chuid taighde.

## COMHOIBRIÚ

Tá réimsí leathana comhpháirtíochtaí ag an Acadamh ar fud an phobail acadúil, an rialtais agus na hearnála príobháidí. Síneann na comhpháirtíochtaí seo thar theorainneacha scolártha agus tíreolaíochta agus iad ag cur leis an eolas coitianta agus tugann siad aghaidh ar údair imní ar fud oileán na hÉireann agus a cuid saoránach.


*Oibríonn an tAcadamh i gcomhthéacs uile-oileáin agus idirnáisiúnta. Tá gné láidir uile-oileáin aige ó thaobh a ballraíochta de, agus tá sé ag tógáil ar obair an Choiste Thuaidh-Theas chun naisc níos láidre agus rannpháirtíocht fheabhsaithe a chruthú. Bíonn an tAcadamh ag obair i ndlúthpháirt le hAcadaimh náisiúnta eile agus le gréasáin acadúla dhomhanda, agus tugann uaidh a shaineolas i dtionscadail idirnáisiúnta scoláireachta agus beartais.*





# Cuspóiri Straitéiseacha

- 1** Freastal ar Éirinn agus ar leas an phobail trí thaighde agus trí acmhainní scolártha an Acadaimh agus trí tharraingt ar eolas agus ar léargas a chuid Ball.
- 2** Ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann trí rannpháirt agus ceannas a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a neartaíonn aitheantas idirnáisiúnta ar scoláireacht an Acadaimh.
- 3** Acadamh Nua-aimseartha a thógáil trí chur leis an ilchineálacht agus trí fhuinneamh nua a chur i saol agus in obair an Acadaimh.



# Cuspóir Straitéiseach

## I

Freastal ar Éirinn agus ar leas an phobail trí thaighde agus trí acmhainní scolártha an Acadaimh agus trí tharraingt ar eolas agus ar léargas a chuid Ball.

### MÓSPRIOCANNA:

Cion tairbhe an Acadaimh a neartú i ndíospóireachtaí tábhachtacha faoi cheisteanna a bhaineann leis an mbeartas ardoideachais in Éirinn.

Cion tairbhe an Acadaimh a fheabhsú maidir le ceapadh an bheartais phoiblí.

An comhoibriú thuaidh-theas a chothú le córas taighde agus ardoideachais dinimiciúil comhoibritheach a chothú.

## RÉIMSE GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Taighde agus obair bheartais an Acadaimh a chur i mbraislí le riar ar théamaí éiritheacha sochaí agus earnála.
- Cur chuige réamhghníomhach freagrúil i leith lucht déanta beartais agus tionscnamh.
- Feabhsú a dhéanamh ar an rannpháirtíocht le rialtas, le hinstidiúidí ard-léinn agus le gníomhaireachtaí náisiúnta.
- Tionscnaimh thaighde, bheartais agus straitéisí náisiúnta a fhorbairt agus a leanúint, agus tógáil ar thionscnaimh fhadtéarmacha thaighde an Acadaimh chomh maith.
- Leanúint de dheiseanna a chruthú le haghaidh rannpháirtíocht an Acadaimh sa cheannaireacht thuaidh-theas.
- Tús áite agus feidhm a thabhairt do chlár gníomhach dioscúrsaí, comhdhálacha agus ceardlann ar ábhair a bhfuil tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta leo.
- Cur le feiceálacht an Acadaimh agus na ballraíochta trí fhócas níos leithne ar chumarsáid a dhéanamh faoina ghníomhaíochtaí agus faoina chion tairbhe.

# Cuspóir Straitéiseach

## 2

Ionadaíocht a dhéanamh ar son na hÉireann trí rannpháirt agus ceannas a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a neartaíonn aitheantas idirnáisiúnta ar scoláireacht an Acadaimh.

### MÓRSPRIOCANNA:

Cur le clú idirnáisiúnta an Acadaimh trí bheartais taighde agus oideachais, agus tionscadail scolártha a thionscnamh agus a bheith rannpháirteach iontu.

Comhoibriú a chothú le hacadaimh na hEorpa agus eile agus le cumainn léinn eile maidir le ceisteanna atá tábhachtach dúinn araon.

Obair an Acadaimh a thaispeáint ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## RÉIMSE GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- Naisc le hacadaimh agus le cumainn léinn eile a fhorbairt agus a fheabhsú tríd an taighde comhoibritheach agus tionscnaimh atá bunaithe ar an mbeartas.
- Deiseanna a lorg le cur lena ról ceannais i gcomhghuaillíochtaí agus i gcumainn idirnáisiúnta acadamh.
- Neart a chur lena ról in obair choistí na gcumann idirnáisiúnta, agus obair lena chinntiú go mbeidh saindearcadh na hÉireann mar chuid de na tionscadail straitéiseacha.
- Forbairt a dhéanamh ar chlár straitéiseach deiseanna leis an taighde, an t-aschur, sainchnuasaigh agus seoda an Acadaimh a thaispeáint go forleathan trí thaispeántais náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Tacú le clár gníomhaíochtaí agus foilseachán an Acadaimh (tionscnaimh dhigiteacha san áireamh) mar mhacalla ar chumasc iomchuí ábhar scolártha ar fud réimsí na heolaíochta, an léinn dhaonna agus na n-eolaíochtaí sóisialta.
- A chinntiú go gcaomhnófar cnuasaigh uathúla an Acadaimh agus go mbeidh siad ar fáil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

# Cuspóir Straitéiseach

## 3

Acadamh Nua-aimseartha a Thógáil trí chur leis an ilchineálacht agus trí fhuinneamh nua a chur i saol agus in obair an Acadaimh.

### MÓRSPRIOCANNA:

Tacú le scoláirí agus le taighdeoirí éirimiúla ar fud na hÉireann trí nasc níos dlúithe leis an Acadamh.

Cur le hilchineálacht bhallraíocht an Acadaimh.

Tionchar ghníomhaíochtaí an Acadaimh a leathnú ar fud na tíre trí ghréasáin réigiúnacha a bhunú agus tacú leo.



## RÉIMSE GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- 'Acadamh Óg' a bhunú le haghaidh scoláirí agus taighdeoirí éirimiúla luathghairme.
- A chinntiú go bhfuil breis ilchineálachta ann san iomlán, go háirithe ó thaobh inscne, institiúid agus réimse léinn de, i measc Bhaill an Acadaimh agus ar choistí agus ar ghrúpaí oibre an Acadaimh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Acadaimh le tosaíochtaí athraitheacha a aithint agus freagairt dóibh.
- Cur le líon imeachtaí réigiúnacha an Acadaimh agus gréasáin áitiúla agus idirnáisiúnta a fhorbairt le bheith mar ardán do ghníomhaíochtaí an Acadaimh.
- Plean fadtéarmach a fhorbairt do shuíomh an Acadaimh.
- Cleachtais agus córais na heagraíochtaí a leasú agus a nuashonrú.

# Bunchloch na Straitéise

## DAOINE:

Is iad an fhoireann, ár gcuid Ball, ár gcoistí ildisciplíneacha, ár ngrúpaí oibre agus ár gcuid bord a dhéanann obair an Acadaimh, i gcomhpháirt lenár bpáirtithe seachtracha. Tógfaidh an Plean Straitéiseach seo acadamh atá nua-aimseartha agus cuimsitheach, ar mór aige a fhoireann agus a bhallraíocht, agus a dhéanfaidh iad sin a fhorbairt. Beidh intinn an taighde agus na sármhaitheasa fite fuaite inár gcuid gníomhaíochtaí uile. Beidh plean leasaithe cumarsáide ann a thacóidh le gníomhaíochtaí an Acadaimh go seachtrach agus go himmheánach.

## ACMHAINNÍ:

Bainfidimid dícheall úsáide as ár gcuid áiseanna agus as ár mbonneagar lena chur ar ár gcumas riar ar riachtanais an Acadaimh. Scrúdóimid go géar ár gcuid gníomhaíochtaí agus an sprioc againn an ábharthacht agus an tionchar is mó is féidir a bheith againn laistigh dár réimsí saineolais. Cuardóimid bealaí le sruthanna breise maoinithe a ghiniúint, a bheidh ag teacht lenár gcroíluchanna, chun ár n-inmharthanacht airgeadais a dhaingniú agus ligean dúinn ar gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. I ngach ceann dár ngníomhaíochtaí cloifimid leis na caighdeáin is airde rialachas, bainistíocht agus maoirseacht.



# Conclúid

Tá cuspóirí uailmhianacha sa Phlean Straitéiseach seo don tréimhse 2019-2023. Ó tharla go bhfuil sé bunaithe ar neart croiluachanna an Acadaimh agus ar a ról uathúil mar ghlór neamhspleách bunaithe ar an muinín agus ar an tsármhaitheas scolártha, tá muinín againn go gcuirfidh an plean le cumas an Acadaimh riar ar riachtanas sochaí nua-aimseartha. Cuireann sé ardán daingean ar fáil ar a dtóghar Acadamh láidir inmharthana, ina bhfuil an tsármhaitheas scolártha agus foghlama barrthábhachtach. Creidimid gurb amhlaidh, i gceann 5 bliana, a bheidh mar thoradh ar an bplean seo go mbeidh ‘Acadamh Óg’ beo bríomhar ann, gur mó an teagmháil agus an rannpháirtíocht a bheidh ag an Acadamh ar fud na hÉireann, agus gur fearr an clú a bheidh air ar fud na cruinne. An tAcadamh bríomhar cuimsitheach a bheartaítear sa phlean, beidh sé mar thaca láidir agus mar cheannaire san earnáil tríú leibhéal, sa tseirbhís phoiblí agus é ag déanamh ionadaíochta ar léann na hÉireann go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

*Jocelyn Bell Burnell*

JOCELYN BELL BURNELL

Cathaoirleach, an Coiste um Plean Straitéiseach

*Pat Shannon*

PAT SHANNON

Rúnaí, Acadamh Ríoga na hÉireann



